2024/1796

25.6.2024

# RIALACHÁN (AE) 2024/1796 ÓN gCOMHAIRLE

## an 24 Meitheamh 2024

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/1795 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 lena leasaítear Cinneadh 2011/235/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Aibreán 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/235/CBES ([2]) agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ([3]).

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2011/235/CBES agus ar Rialachán (AE) Uimh. 359/2011, agus chun gníomhaíocht dhaonnúil ar bhonn prionsabal a dhéanann gníomhaithe daonnúla neamhchlaonta san Iaráin a éascú, measann an Chomhairle gur cheart eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí áirithe atá ag gníomhú mar chomhpháirtithe daonnúla de chuid an Aontais a dhíolmhú ón toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine, eintitis agus comhlachtaí ainmnithe, chun críoch daonnúil san Iaráin agus chun na gcríoch sin amháin. Ina theannta sin, measann an Chomhairle gur cheart sásra maolúcháin a thabhairt isteach do na heagraíochtaí agus na gníomhaithe sin atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí daonnúla nach féidir leo tairbhiú den díolúine dhaonnúil sin.

(3) An 24 Meitheamh 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1795 lena leasaítear Cinneadh 2011/235/CBES. Le Cinneadh (CBES) 2024/1795 tugtar isteach eisceachtaí daonnúla ó na bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin.

(4) Tagann na leasuithe sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I Rialachán (AE) Uimh. 359/2011, cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

'*Airteagal 7a*

1. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach in Airteagal 2(2) maidir le cistí ná acmhainní eacnamaíocha arna soláthar ag eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí a ndéanann an tAontas measúnú colúin orthu agus lenar shínigh an tAontas comhaontú comhpháirtíochta maidir le creat airgeadais ar comhaontú é ar ar a bhonn a ghníomhaíonn na heagraíochtaí agus na gníomhaireachtaí mar chomhpháirtithe daonnúla de chuid an Aontais, ar choinníoll go bhfuil gá le soláthar na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha sin chun críoch daonnúil san Iaráin agus chun na gcríoch sin amháin.

2. I gcásanna nach gcumhdaítear le mír 1 den Airteagal seo, agus de mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 d'Airteagal 2, féadfaidh údaráis inniúla Bhallstáit, faoi cibé coinníollacha ginearálta nó sonracha is iomchuí leo, údaruithe sonracha nó ginearálta a dheonú chun cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh nó chun cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, ar choinníoll go bhfuil gá le soláthar na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha sin chun críoch daonnúil san Iaráin agus chun na gcríoch sin amháin.

([1]) IO L, 2024/1795, 24.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1795/oj.
([2]) Cinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin (IO L 100, 14.4.2011, lch. 51).
([3]) Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin (IO L 100 14.4.2011, lch. 1).

3. Mura ndéanfaidh an t-údarás inniúil ábhartha cinneadh diúltach, iarraidh ar fhaisnéis nó fógra faoi am breise laistigh de 5 lá oibre ón dáta a fhaightear iarraidh ar údarú faoi mhír 2, measfar gur deonaíodh an t-údarú.

4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhíreanna 2 agus 3 laistigh de 2 sheachtain ón údarú sin.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Meitheamh 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES